# Droichead - Cleachtas Aisiríoch– Iar-bhunscoil

| Sracfhéachaint |
|---|
| Cuimsíonn Cleachtas Aisiríoch (CA) sraith prionsabal a chuidíonn linn caidrimh dhearfacha a chothú, agus **coimhlint a bhainistiú** nuair a thagann sí chun cinn, ar bhealach sláintiúil cuiditheach. Spreagann sé daoine chun úinéireacht a ghlacadh ar a ngníomhartha agus tugann sé daoine eile chun cuntais as a ngníomhartha-sean.<br><br>Is **é meas** an ní is tábhachtaí sa chleachtas aisiríoch: meas a bheith agat ar gach duine, go háirithe orthu siúd nach bhfuil tú mór leo. Mar thoradh air sin, beidh **cothroime agus oscailteacht le sonrú** i gcaidrimh.<br><br>Is iad na sé phrionsabal a bhaineann le cleachtas aisiríoch:<br>● Meas<br>● Ionbhá<br>● Sábháilte<br>● Cuntasacht Phearsanta<br>● Comhionannas<br>● Pobal<br>● Muinín |

| Ceisteanna aisiríocha a úsáid le freagairt d'iompraíocht dhúshlánach |
|---|
| 1. "Cad a tharla?" Is deis é seo chun ionbhá agus meas a léiriú. Sa chéim seo mothaíonn an leanbh go dtuigtear é/í agus go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi.<br>2. "Cad faoi a raibh tú ag smaoineamh ag an am?" Más féidir na mothúcháin agus na riachtanais is cúis le hiompraíocht a aithint agus a thuiscint, is mór an cuidiú é chun an iompraíocht a réiteach.<br>3. "Cad iad na smaointe a bhí agat ó shin?" Cuidíonn an chéim seo leis an leanbh foghlaim faoin iompraíocht chuí — cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha ó thaobh na hiompraíochta de.<br>4. "Cé atá thíos leis an méid a rinne tú agus cén chaoi a bhfuil sé/sí/siad thíos leis? Is é cuspóir na céime seo cabhrú leis an leanbh ionbhá a chothú le daoine eile. |


cc BY NC

5. "Conas a d'fhéadfá rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil?" Ligeann sé seo don leanbh straitéisí a fhorbairt a fhreastalóidh ar a riachtanais, ar bhealach a léiríonn meas ar riachtanais daoine eile.
6. "Cad a cheapann tú ba cheart tarlú ina dhiaidh seo?" Foghlaimíonn an leanbh faoin gcaoi le dochar a réiteach agus caidrimh a athbhunú, ar caidrimh iad a d'fhéadfadh a bheith briste tráth coimhlintí.

| Tuilleadh Eolais | |
|---|---|
| **Suíomhanna Gréasáin** | **Acmhainní Úsáideacha** |
| https://www.connectrp.ie/about | https://www.youtube.com/watch?v=2UvDMQyBVLs<br>https://www.connectrp.ie/workshops |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers